


An Chomhairle
Mhúinteoireachta

The Teaching Council



Céim: Caighdeán d'Oideachas Tosaigh Múinteoirí

*De réir Alt 38 d'Achtanna na Comhairle
Múinteoireachta, 2001-2015*

Deireadh Fómhair 2020

Clár

1. Caighdeán Cláir	9
1.1 Dearadh an Chláir	9
1.1.1 An Clár	9
1.1.2 Creat Coincheapúil	9
1.1.3 Aidhmeanna an Chláir	10
1.1.4 Tréimhse agus Cothromaíocht Cláir	10
1.1.5 Tréimhse Foghlama sa Ghaeltacht	11
1.1.6 Comhtháthú agus Ilchineálachta Ábhar an Chláir	12
1.1.7 Réimsí Riachtanacha Staidéir	12
1.1.8 Straitéisí Foghlama agus Measúnaithe	15
1.2 Acmhainní a chur ar fáil don Chlár	15
1.2.1 Íosriachtanais Iontrála	15
1.2.2 Soláthar Foirne	15
1.2.3 Saoráidí	16
1.2.4 Córais um Thacú agus Treorú Mac Léinn	16
1.2.5 Struchtúir Chumarsáide agus Cinnteoireachta	16
1.2.6 Acmhainní Airgeadais	16
1.3 Socrúchán Scoile	17
1.3.1 Fís Chomhroinnte do Shocrúchán Scoile	17
1.3.2 Tréimhse	17
1.3.3 Gnéithe de Shocrúchán Scoile	18
1.3.4 Múnlaí de Shocrúchán Scoile	18
1.3.5 Socrúchán a Aimsiú	18
1.3.6 Ilchineálacht Suímh Socrúcháin	18
1.3.7 Taisce i Socrúchán Scoile	18
1.3.8 Taighde i Socrúchán Scoile	19
1.3.9 Socrúchán Scoile: Luacháil agus Measúnú	19
2. Caighdeán do Chéimí Múinteora	20
2.1 Luachanna Gairmiúla	21
2.2 Scileanna agus Cleachtas Gairmiúil	22
2.3 Eolas agus Tuiscint Ghairmiúil	24
Tábla 1: Cothromaíocht Clár OTM	11
Tábla 2: Gnéithe Lárnacha na gClár OTM	14

Réamhrá

Céim: Leagtar amach sna Caighdeáin d'Oideachas Tosaigh Múinteoirí na ceanglais nach mór do gach clár cáilíochta don mhúinteoireacht in Éirinn a chomhlíonadh ar mhaithe le creidiúnú a fháil ón gComhairle Mhúinteoireachta. Tagarmharc atá anseo freisin do dhuine ar bith ar mian leis/léi clárú mar mhúinteoir in Éirinn.

Dá bhrí sin, is doiciméad ríthábhachtach atá anseo sa leanúntas in oideachas múinteoirí. Léiríonn an leanúntas an fhírce go bhfuil múinteoirí ag foghlaim i gcónaí ionas go mbeidh sé ar a gcumas múineadh i gcónaí. Cuirtear tús lena n-aistear foghlama foirmiúil leis an Oideachas Tosaigh Múinteoirí. In Éirinn, déantar foráil i bpolasaí Stáit go dtarlóidh an chéim tosaigh seo dá gcuid foghlama i dtimpeallacht atá saibhir, ilchineálach agus fuinniúil ag nascadh an chaighdeáin is fearr d'oideachas múinteoirí in Institiúidí Ardoideachais leis an gcleachtas is nuálaí, is spreagúla agus is comhbháiche faoi stiúir ghairm na múinteoireachta.

Is cúis áthais dúinn, thar ceann na Comhairle Múinteoireachta na caighdeáin seo a thabhairt isteach i gcóras oideachais na hÉireann agus níos faide chun cinn ná sin, go deimhin. Tagann an doiciméad mar thoradh ar chomhairliúchán leathan leis na páirtithe leasmhara san Oideachas in Éirinn agus leis an Roinn Oideachais agus Scileanna. Tá athbhreithniú déanta ar an doiciméad freisin i gcomhthéacs idirnáisiúnta, agus cuireadh faisnéis ar fáil don doiciméad trí thaighde ardchaighdeáin, go háirithe i réimse socrúchán scoile.

Is eol dúinn go léir, áfach, go mbaianeann oideachas le cabhrú le daoine chun foghlaim. Agus is eol dúinn freisin gur próisis caidreamhach atá i gceist le múinteoireacht agus le foghlaim a gcuirtear beocht iontu gach uile lá nuair a nascann múinteoirí agus daltaí lena chéile.

Ní bhaineann polasaí, lena n-áirítear, an caighdeáin don OTM, leis an dinimic seo. Ní bhainfeadh amach na caighdeáin seo amháin trí dhréachtú agus trí chláir leasaithe cáilíochta a chur faoi bhráid na Comhairle Mhúinteoireachta lena gcreidiúnú. Bainfeadh amach iad go hiomlán nuair a fhaigheann leanaí, daoine óga agus foghlaiméoirí fásta buntáiste iomlán chomh-shaineolas na ndaoine siúd a bhfuil a gcuid oideachais faoina gcúram. Beidh gach idirchaidreamh idir múinteoirí faoi oiliúint agus oideoirí múinteoireachta, lena n-áirítear, Treoirithe agus gach comhghleacaí múinteoireachta ar shocrúchán scoile, gach nóiméad den fhoghlaim agus den léargas agus d'fheidhmiú cleachtais, mar chéim eile sa treo ceart.

De réir mar a bhíonn níos mó measa againn ar an mbealach ina a mbíonn polasaí san oideachas ina phróiseas fuinniúil, comhchruthaithe le himeacht ama dóibh siúd a bhíonn ag teagasc agus ag foghlaim, táimid ag tnúth go mór le rannpháirtíocht leanúnach le páirtithe leasmhara, le pobail scoileanna agus leis an Roinn Oideachais agus Scileanna chun cothabháil a dhéanamh ar oideachas atá ar ardchaighdeán go hard isteach san 21ú haois.



Seán McMahon
Cathaoirleacht



Tomás Ó Ruairc
Stiúrthóir

Gluais

Gníomhaireacht

Tagraíonn gníomhaireacht do thuiscint múinteoirí ar a stádas mar ghairmithe neamhspleácha atá ag teagasc i gcomhthéacsanna pobail (pobal cleachtais; pobal scoile). Tagraíonn sé freisin dá gcumas feidhmiú ar an tuiscint seo ar bhealaí atá intinneach, freagrach agus nuálach, lena léirítear agus a bhfeabhsaítear a gcuidreamh lena bpiaraí, daltaí, tuismitheoirí agus leis an bpobal níos leithne.

“Triail Inniúlachta”

Tagraíonn ‘triail inniúlachta’ d’eolas a léiriú maidir le [m.sh. tasc, scrúdú (ó bhéal, scríofa, praiticiúil), tionscadal nó punann].

De réir Treoir (2013/55/CE) an AE i ndáil le hAitheantas na gCáilíochtaí Gairmiúla, déanann an Chomhairle Mhúinteoireachta measúnú ar cháilíochtaí múinteoirí a cháilíonn lasmuigh den stát agus a bhfuil aitheantas gairmiúil á lorg acu in Éirinn. Cuireann an Chomhairle na cáilíochtaí seo i gcomparáid leis na caighdeáin agus le hábhar na gclár oideachais tosaigh múinteoirí in Éirinn. Sa chás go n-eascaíonn difríochtaí san ábhar atá faoi chaibidil, léirítear i dTreoir an AE nach mór ‘triail inniúlachta’ a chur ar fáil ar mhaithe le haghaidh a thabhairt ar an easnamh ó thaobh ábhar.

Ionad Oideachais

Tá an bhrí le hIonad Oideachais mar a fhoráiltear dó in Alt 10 (4) den *Acht Oideachais*, 1998.

Comhoibriú

Tarlaíonn comhoibriú nuair a oibríonn siad siúd atá bainteach le múineadh agus le foghlaim lena chéile mar chomhpháirtithe chun sprioc comhroinnte a bhaint amach ó thaobh forbairt a dhéanamh ar eolas, ar scileanna agus ar inniúlachtaí nach mór do mhúinteoirí faoi oiliúint a bheith acu agus a chinntiú go mbaintear na torthaí is fearr amach ag an am céanna d’fhoghlaiméoirí le linn an phróisis. Tá comhroinnt eolais agus foghlama, cur le comhthoil agus feabhas a chur ar scileanna mar bhonn taca leis seo atá ríthábhachtach do rathúlacht an tsocrúcháin scoile.

Leanúntas in Oideachas Múinteoirí

Tagraíonn sé seo d’fhoghlaim fhoirmiúil agus neamhfoirmiúil ina mbíonn múinteoirí rannpháirteach mar fhoghlaiméoirí ar feadh an tsaoil le linn a ngairm mhúinteoireachta. Cuimsítear ann, oideachas tosaigh múinteoirí, Droichead (creat lánpháirtithe maidir le hionduchtúchán gairme), agus Cosán (foghlaim múinteoirí).

Boird Oideachais agus Oiliúna (BOOnna)

Soláthraíonn na Boird Oideachais agus Oiliúna (BOOnna) cláir oideachais agus oiliúna ag leibhéal áitiúil agus ag leibhéal pobail ar fud na hÉireann.

Fillteán Foghlama

Is ionann an Fillteán Foghlama agus taifead a choinníonn na múinteoirí faoi oiliúint le linn a dTréimhse Foghlama sa Ghaeltacht. Leagtar amach ann aidhmeanna pearsanta an mhúinteora faoi oiliúint, na hacmhainní agus na treoirlínte a chruthaíonn siad chun an Ghaeilge a mhúineadh, féinmhachnamh ar a ndul chun cinn leis an teanga agus fianaise maidir lena rannpháirtíocht sa Tréimhse a bheidh ar a gcumas a comhroinnt lena bpiaraí nua a fhilleann siad ar an IAO.

Bonnstaidéar

Mar réimse staidéir ildisciplíneach, cuireann roinnt réimsí eile foghlama eolas ar fáil don oideachas. De ghnáth, nuair a bhaineann sé le hoideachas, áirítear an méid seo a leanas sa ‘bhonnstaidéar’: stair an oideachais, síceolaíocht an oideachais; socheolaíocht an oideachais; fealsúnacht an oideachais.

Oideachas Saoránachta Domhanda (OSD)

Tá sé mar aidhm leis an Oideachas Saoránachta Domhanda (OSD) foghlaimoirí den uile aois a chumhachtú chun ról ghníomhacha a ghlacadh, go háitiúil agus go domhanda araon, chun sochaithe atá níos síochánta, níos fulangaí, níos cuimsithí agus níos sláine a chruthú.

Cinntíonn Oideachas Saoránachta Domhanda (OSD) go “gcuirtear an t-eolas agus na scileanna ar fáil do na foghlaimoirí go léir chun forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn, lena n-áirítear, i measc nithe eile, trí oideachas d’fhorbairt inbhuanaithe agus do stíl mhaireachtála inbhuanaithe, cearta daonna, comhionannas inscne, cultúr síochánta agus neamhfhoiréigean, saoránacht dhomhanda agus meas ar ilchineálacht chultúrtha agus ar an gcion a chuireann cultúr le forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn” (UNESCO).

Ionad Ardoideachais (IAO)

Seasann IAO nó Institiúid Ardoideachais do na coláistí, na hollscoileanna agus na comhlachtaí tríú leibhéal siúd a chuireann clár creidiúnaithe amháin nó níos mó ar fáil ó thaobh oideachas tosaigh múinteoirí.

Féiniúlacht

Is ionann féiniúlacht, chun críocha na gcaighdeán seo, agus coincheap agus próiseas araon. Is ar an dearcadh go mbíonn múinteoirí meáite ar a bheith ina múinteoirí. Mothaíonn siad, le linn gach céim dá gcuid foghlama, cé hiad féin mar dhaoine agus mar ghairmithe, agus tá siad oscailte d’fhoghlaim, d’fhás agus d’fhorbairt ag an am céanna. Tá sé seo nasctha go dlúth leis an tábhacht a bhaineann le cleachtas athmhachnaimh.

Oideachas Ionchuimsitheach

Tagraíonn an téarma oideachas ionchuimsitheach de ghné ar bith d’fhoghlaim múinteoirí atá dírithe ar a gcumas a fheabhsú chun aghaidh a thabhairt air agus freagairt d’ilchineálacht riachtanais na bhfoghlaimoirí; a rannpháirtíocht i bhfoghlaim a chumasú; agus fáil réidh leis na bacainní i leith oideachas trí struchtúir agus socruithe cuí a sholáthar agus a chur in oiriúint chun a chur ar chumas gach foghlaimoir an leas is fearr is féidir a bhaint as a thinreamh/a tinreamh ar scoil.

Aithnítear i ndearcadh na Comhairle maidir le cur chuige fíor-ionchuimsitheach i leith cleachtas gairmiúil go dtagann múinteoirí trasna ar raon leathan riachtanais le linn dóibh a bheith ag teagasc, beag beann ar an suíomh. Áireoidh sé seo riachtanais fhoghlama breise (m.sh. uathachas, disléicse, diospraicse) agus riachtanais fhoghlama a bhaineann le cúlraí teanga, socheacnamaíoch, cultúrtha agus eitneacha éagsúla (lena n-áirítear, Pobal an Lucht Siúil, an Pobal Roma).

Oideachas Tosaigh Múinteoirí (OTM)

Tagraíonn Oideachas Tosaigh Múinteoirí (OTM) don chéim tosaigh foghlama lena bheith mar mhúinteoir nuair a bhíonn múinteoirí faoi oiliúint rannpháirteach i gclár aitheanta maidir le hoideachas múinteoirí.

Meantóireacht

Cuimsíonn meantóireacht na bealaí go léir trína dtacaítear le, a gcuirtear comhairle ar agus a spreagtar an múinteoir faoi oiliúint ina chleachtadh/ina cleachtadh agus ina ndeimhnítear agus ina dtugtar dúshlán na smaointeoireachta, de réir mar is cuí. Admhaítear go bhfuil an próiseas a bhaineann le meantóireacht a dhéanamh ar mhúinteoirí faoi oiliúint difriúil ón bpróiseas a bhaineann le meantóireacht a dhéanamh ar mhúinteoirí nuacháilithe.

Cainteoir Dúchais (Gaeilge)

Dalta a thógtar le Gaeilge agus a labhraíonn an tuismitheoir/na tuismitheoirí Gaeilge sa bhaile mar phríomhtheanga cumarsáide.

Tuismitheoir

Seasann an téarma “tuismitheoir” do thuismitheoirí agus do chaomhnóirí dlíthiúla.

Comhpháirtíocht

Tagraíonn comhpháirtíocht do phróisis, struchtúir agus do shocruithe a chumasaíonn na comhpháirtithe oibriú agus foghlaim go comhoibríoch ó thaobh oideachas múinteora. Áirítear freisin sna próisis, sna struchtúir agus sna socruithe seo, comhpháirtíochtaí Scoile/IAO a dhíríonn ar fhoghlaim agus ar theagasc feabhsaithe.

Príomhoide (múinteoir)

Soláthraíonn an príomhoide, mar cheannaire foghlama, ceannaireacht do mhúinteoirí agus don fhoireann agus d'fhoghlaiméirí eile. Tá an príomhoide freagrach, i gcomhar le comhghleacaithe, as timpeallacht scoile a chruthú a thugann tacaíocht do gach dalta agus do gach múinteoir sa phobal scoile.

Comhráite Gairmiúla

Tagraíonn an téarma '*comhráite gairmiúla*' do chomhrá foirmiúil agus neamhfhoirmiúil a tharlaíonn idir gairmithe oideachais, lena n-áirítear, oideoirí múinteora in IAOanna, teagascóirí socrúcháin, príomhoidí/leas-phríomhoidí, múinteoirí, Treoraithe, agus múinteoirí faoi oiliúint. Comhroinneann na comhráite gairmiúla seo foghlaim agus "cuireann comhghleacaíocht agus féin-éifeachtúlacht chun cinn trí chleachtas agus eolas a chomhroinnt" (Timperley, 2015, leathanach 6).

Staidéar Gairmiúil

Cuimsíonn staidéar gairmiúil staidéar in oideolaíocht, ábhair an churaclaim nó sonraíocht ábhartha (m.sh. i gcás na hearnála bunscoile, an raon iomlán ábhar atá san áireamh sa Churaclam Bunscoile, agus i gcás iarbhunscoil, na hábhair iarbhunscoile ina bhfuil an múinteoir faoi oiliúint ag speisialú). Díreofar staidéar gairmiúil ar an aoisghrúpa cuí.

Daltaí

Seasann an téarma "daltaí" do dhaltaí bunscoile agus iarbhunscoile.

Scoil Aitheanta

Ciallaíonn scoil aitheanta, scoil atá aitheanta de réir Alt 10 den Acht Oideachais, 1998.

Údarás Bainistíochta Scoile

Ciallaíonn sé seo an Bord Bainistíochta agus/nó an BOO, de réir mar is cuí. Déanann an t-údarás bainistíochta scoile, bainistíocht ar an scoil thar ceann an Phatrúin de réir Alt 15 d'Acht Oideachais, 1998. Déanann sé soláthar do, nó eagraíonn soláthar taithí múinteoireachta agus foghlama atá ar ardchaighdeán d'fhoghlaiméirí agus tá sé mar fhreagracht ar a chinntiú go mbíonn polasaí socrúcháin scoile i bhfeidhm agus á chomhlíonadh.

Socrúchán Scoile

Ciallaíonn an téarma socrúchán scoile an chuid sin den chlár a tharlaíonn i suímh scoile, agus é mar aidhm leis deis a thabhairt do mhúinteoirí faoi oiliúint teoiric oideachais a chur i bhfeidhm faoi chúinsí teagaisc agus comhthéacsanna scoile éagsúla. Cuimsíonn taithí socrúchán scoile raon gníomhaíochtaí teagaisc agus neamh-teagaisc agus tugann sé deis do mhúinteoirí faoi oiliúint páirt a ghlacadh i saol na scoile ar bhealach struchtúrtha agus tacaithe.

Teagascóir Socrúcháin Scoile

Ciallaíonn Teagascóir Socrúcháin Scoile duine atá fostaithe ag IAO chun tacaíocht a thabhairt do agus meantóireacht a dhéanamh ar mhúinteoirí faoi oiliúint agus iad ar shocrúchán.

Múinteoir faoi Oiliúint

Ciallaíonn múinteoir faoi oiliúint mac léinn atá rannpháirteach i gclár oideachais tosaigh múinteoirí.

Taisce

Tagraíonn Taisce don phróiseas *foghlama atá bunaithe ar phunann* a bhfuil an múinteoir faoi oiliúint rannpháirteach ann chun cur ar a chumas/a cumas machnaimh a dhéanamh ar a bhfoghlaim agus ar a gcleachtas gairmiúil, de réir mar a oireann dá gcéim fhoghlama agus le réimsí a aithint agus pleanáil a dhéanamh dóibh ina bhféadfadh tacaíocht agus treoir a bheith ag teastáil uathu.

Éascaíonn an próiseas foghlama atá bunaithe ar phunann na múinteoirí faoi oiliúint chun a bheith níos airdeallaí freisin ó thaobh teoricí agus tuairimí atá ag treorú a gcleachtas agus soláthraíonn sé bunús do chomhráite gairmiúla maidir le múinteoireacht le teagascóirí IAO agus le páirtithe leasmhara scoil-bhunaithe araon. Aithneoidh na múinteoirí faoi oiliúint, i gcomhar leis an IAO mar chuid de thaithí an tsocrúcháin scoile, réimsí do thuilleadh foghlama i gcéim ionduchtúcháin *Droichead* den leanúntas. Leanfaidh foghlaim atá bunaithe ar phunann lena bheith mar phróiseas tábhachtach chun tacú leis an múinteoir nuacháilithe ó thaobh a bheith rannpháirteach i gcomhráite gairmiúla, atá lárnach do phróiseas *Droichead*.

Múinteoir

Seasann an téarma “múinteoir” do mhúinteoir atá cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta.

Foghlaim Múinteoirí

Déanann foghlaim ghairmiúil cur síos ar an bhfoghlaim go léir ina mbíonn na múinteoirí rannpháirteach ann chun tacú lena gcleachtas gairmiúil agus chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais na ndaltaí atá faoina gcúram. Tá ar chumas an mhúinteora, mar ghairmí machnamhach, díriú ar bhonn eolais comhtháite chun cleachtas trí fhiosrúchán a fheabhsú.

Teagasc Foirne

Is éard atá i gceist le teagasc foirne ná grúpa de bheirt nó níos mó ag obair le chéile chun gníomhaíochtaí foghlama a phleanáil, a stiúradh agus meastóireacht a dhéanamh orthu don ghrúpa foghlaimeoirí céanna. De ghnáth, is múinteoirí a bhíonn ag múineadh na bhfoghlaimeoirí céanna ag an am céanna a bhíonn i gceist, cé go bhféadfadh sé nach amhlaidh a bheadh an cás i gcónaí.

Na Trí Cholún – Comhtháthú, Nuáil agus Feabhsúchán

Déantar tagairt go stairiúil go hidirnáisiúnta do leanúntas in oideachas múinteoirí mar chomhtháthú, nuáil agus feabhsúchán. Glacann an Chomhairle Mhúinteoireachta leis na trí philéar, sé sin, comhtháthú, nuáil agus feabhsúchán mar bhonn taca leis na céimeanna go léir den leanúntas in oideachas múinteoirí.

Treoraí

Tagann an téarma *Treoraí*, an focal Gaeilge ar *guide*, in áit an téarma *Múinteoir Comhoibritheach* agus tugann léiriú níos cruinne ar nádúr ról an mhúinteora a thacaíonn agus a threoraíonn an múinteoir faoi oiliúint le linn a thaithí/a taithí maidir le socrúchán scoile. I socrúchán iarbhunscoile, is féidir an múinteoir faoi oiliúint a chur i líon ranganna difriúla agus, d'fhéadfadh sé, dá bhrí sin, comhoibriú le líon *Treoraithe* difriúla ar fud líon réimsí ábhair a bheith i gceist.

Réamhrá

Bunaíodh an Chomhairle Mhúinteoireachta ar bhonn reachtúil i mí an Mhárta 2006 mar an comhlacht um chaighdeán ghairmiúla mhúinteoireachta. Tá an Chomhairle, i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Scileanna freagrach as cinneadh a dhéanamh maidir le tréimhse agus cineál na gclár d'oideachas múinteoirí. Tacaíonn an Chomhairle le láidreachtaí áirithe na múnlaí comhthráthacha agus comhleanúnacha araon do na hearnálacha bunscoile agus iarbunscoile agus tá an Chomhairle den tuairim gur chóir don Stát cothabháil a dhéanamh ar chothromaíocht ó thaobh an péire a sholáthar. Oibríonn an Chomhairle laistigh de chreat an *Polasaí ar Leanúntas in Oideachas Múinteoirí*. Léirítear sa chreat comhthéacs éabhlóideach fuinniúil na múinteoireachta agus ról múinteoirí in Éirinn inniu atá ag dul i gcastacht agus luaitear ann gur chóir go mbeadh comhtháthú, nuáil agus feabhsúchán mar bhonn taca le gach céim den leanúntas.

Rinne an Chomhairle a *Polasaí ar Leanúntas in Oideachas Múinteoirí* a fhorbairt sa bhliain 2011. Is díol suntais freisin go leagan an Chomhairle amach, den chéad uair i stair oideachais múinteoirí in Éirinn, torthaí foghlama do gach céimí de chuid na gclár OTM. Leagadh amach den chéad uair na critéir a éilíodh ar sholáthróirí cláir OTM a thabhairt ar aird den chéad uair san *Oideachas Tosaigh Múinteoirí: Critéir agus Treoirlíne do sholáthróirí Cláir* (2011).

Ina dhiaidh sin, cuireadh foilseachán na *dTreoirlínte maidir le socrúchán scoile* (2013) i láthair mar aguisín san fhoilseachán atá luaite roimhe seo. Admhaíodh ag an am sin go mbeadh gá le ham chun na treoirlínte a neadú síos agus go mbeidh ceanglais na Comhairle faoi réir ag athbhreithniú agus ag athrú, de réir mar a bheadh eolas á chur ar fáil ó thuilleadh taighde agus comhairliúcháin.

Leis an méid sin ar intinn agus i bhfianaise athchoincheapú na gClár OTM sna blianta 2012 agus 2014 faoi seach, rinne an Chomhairle foireann taighdeoirí seachtracha a choimisiúnú faoi stiúir an Ollaimh Kathy Hall, chun fianaise a bhailiú maidir le cleachtas reatha ó thaobh socrúcháin scoile agus chun moltaí a chur ar fáil chun eolas a soláthar do smaointeoireacht agus do pholasaí na Comhairle ar shocrúcháin scoile amach anseo.

Thug an tOllamh Kathy Hall ar aird:

“Go foriomlán, is í an chonclúid a baineadh as an taighde gur taithí ghairmiúil thar a bheith fiúntach atá sa socrúchán scoile d'fhorhmóir na múinteoirí faoi oiliúint ar chláir oideachais múinteoirí in Éirinn. Mothaíonn siad inniúil agus muiníneach maidir lena gcuid socrúcháin agus tá deiseanna acu chun foghlaim le múineadh i scoileanna éagsúla thar thréimhse níos faide ama. Mar sin, is féidir linn a bheith muiníneach go bhfuil na leasuithe atá á thabhairt isteach ag an gComhairle Mhúinteoireacht le blianta beaga anuas á neadú síos, agus tá múnlaí nua de shocrúcháin scoile á mbunú inár scoileanna. Ní nach ionadh, mar sin féin, go bhfuil roinnt dúshláin ann i gcónaí, agus léirítear na dúshláin seo inár dtuarascáil ar mhaithe le tuilleadh aird a dhíriú orthu.”

Bhí teacht le chéile Grúpa Oibre Socrúcháin Scoile sa bhliain 2018 mar thoradh ar an tuarascáil coimisiúnaithe seo, chun athbhreithniú a dhéanamh ar an mbealach ina bhféadfaí ailíniú níos fearr a bhaint amach idir an polasaí ar shocrúcháin scoile agus achtú an pholasaí sin.

Ciallaíonn foilsiú an doiciméad seo, ina dtugtar breac-chuntas ar chaighdeán leasaithe do sholáthróirí an chláir OTM, céim eile chun cinn ó thaobh leanúntas in oideachas múinteoirí a chur i bhfocail. Chuige sin, tá tábhacht ar leith ag baint le forbairt a dhéanamh ar chláir OTM agus ar thaithí socrúcháin scoile atá ar ardchaighdeán agus samhlaíonn an Chomhairle Mhúinteoireachta go mbainfidh scoileanna, IAOanna agus páirtithe leasmhara eile leas as dea-chleachtas atá sa réimse seo cheana féin agus go ndéanfar é a chomhroinnt agus a fhorbairt ar mhaithe le leas na gcomhpháirtithe go léir, go háirithe múinteoirí faoi oiliúint agus daltaí.

Baineann an t-eagrán nua den doiciméad polasaí seo leas as na moltaí agus as na himpleachtaí a luaitear sa tuarascáil taighde a coimisiúnaíodh ar shocrúcháin scoile agus ar obair an Ghrúpa Oibre Socrúcháin Scoile agus a chuid foghrúpaí. Breithnítear socrúcháin scoile a bheith i gcroílár an oideachais múinteoirí. Áirítear ann, múinteoirí ó gach céim den leanúntas – múinteoirí a bhfuil taithí acu agus a thacaíonn le agus a threoraíonn an múinteoir faoi oiliúint, agus atá ag foghlaim ón bpróiseas iad féin; múinteoirí faoi oiliúint atá ag foghlaim lena bheith ina múinteoirí; agus teagascóirí socrúcháin.

Tar éis machnaimh a dhéanamh ar an bplé ar leanúntas ó foilsíodh an doiciméad sa bhliain 2011, tá inní ar an gComhairle go bhfuil an dearcadh ann i gcónaí go dtagann deireadh le hoideachas múinteoirí ag an bpointe a gcláraíonn siad. Déantar dearmad i dtuairim den sórt sin gur Oideachas Tosaigh Múinteoirí a thugtar ar an gcéim seo den leanúntas. Is eol dúinn ó thaighde a choimisiúnaigh an Chomhairle (2009) go gcuireann múinteoirí faoi oiliúint tús lena staidéar lena ndearcadh agus a dtuiscint féin maidir le cad atá i gceist le múinteoir maith. Cuireann an taighde seo ar na súile dúinn go bhfuil fáil réidh leis an aitheantas sin, mar chuid dá gcuid foghlama ag an gcéim seo i gceist ionas gur féidir lena gcleachtas a bheith chomh ionchuimsitheach agus is féidir. Mar gur céim amháin sa phróiseas foghlama atá anseo le bheith mar mhúinteoir, tá an chéim seo den Leanúntas á sainiú ag an gComhairle faoi *Chéim: Caighdeán d'Oideachas Tosaigh Múinteoirí*.

Leagtar amach sna caighdeáin na ceanglais nach mór do gach clár oideachais tosaigh múinteoirí a chomhlíonadh chun a bheith creidiúnaithe ag an gComhairle Mhúinteoireachta. Baineann siad leas as saineolas agus fíis na bpáirtithe leasmhara éagsúla, príomhoidí scoile, ionadaithe Cheardchumann na Múinteoirí, Institiúidí Ardoideachais (IOAanna), an Roinn Oideachais agus Scileanna, tuismitheoirí, múinteoirí faoi oiliúint, múinteoirí a bhí ag comhoibriú agus an pobal oideachais níos leithne. Cuimsíonn siad a gcomhthiomantas i leith teagasc agus foghlaim ar ardchaighdeán sna scoileanna go léir do na foghlaimeoirí go léir.

Faoi Alt 38 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001-2015, tá cláir OTM faoi réir ag athbhreithniú agus ag creidiúnú na Comhairle Mhúinteoireachta, chun críocha cláraithe. Sa chomhthéacs sin, is doiciméad tábhachtach atá anseo do sholáthróirí cláir agus do phainéil athbhreithnithe cláir. Beidh sé mar ábhar spéise do cheannairí agus do mhúinteoirí scoile freisin agus dóibh siúd go léir atá rannpháirteach i gcur teagasc agus foghlaim ar ardchaighdeán chun cinn inár scoileanna.

Feidhmeoidh an doiciméad polasaí seo mar phointe tábhachtach tagartha don Chomhairle Mhúinteoireachta, mar go ndéanann sé athbhreithniú ar chlár OTM chun críocha creidiúnaithe gairmiúla mar go gcuireann siad cruth agus go bhfeidhmíonn siad polasaí oideachais sna hearnálacha bunscoile agus iarbhunscoile.

Ba chóir an doiciméad seo a léamh i gcomhar le nósanna imeachta na Comhairle maidir le hathbhreithniú agus creidiúnú gairmiúil cláir OTM agus an *Pro Forma* a ghabhann leis maidir le doiciméadú cláir a chur faoi bhráid.

Nóta Treorach

Tá an doiciméad seo roinnte in dhá chuid:

1. Is ionann **Caighdeán an Chláir** agus tagarmharc don phróiseas athbhreithnithe agus creidiúnaithe.

Téarmaíocht:

Sa chás go mbíonn tagairt déanta do 'ba cheart' is ceanglas éigeantach atá i gceist anseo.

Sa chás go mbíonn tagairt déanta do 'ba chóir', tá an chás 'is fearr' á léiriú ag an gComhairle ach aithnítear go bhféadfadh dúshlán áirithe a theacht chun cinn agus é á chur i bhfeidhm.

Nuair nach féidir an chás is fearr a bhaint amach, éileofar ar an soláthróir míniú a thabhairt maidir le cén fáth nach féidir é a bhaint amach (próiseas maidir le comhlíonadh/míniú) le linn an phróisis athbhreithnithe agus creidiúnaithe.

2. Tugtar breac-chuntas sna **Caighdeáin do Mhúinteoir Iarchéime** ar na scileanna, ar an eolas, an tuiscint agus ar na luachanna gairmiúla a bheifear ag súil a bheidh ag múinteoirí nuacháilithe. Ní dhéanfar na caighdeáin seo a thomhas le linn an phróisis athbhreithnithe agus creidiúnaithe, ach ba chóir d'oideoirí múinteoireachta iad a úsáid mar uirlis chun tacú le clár a dheardh. Ba chóir iad a úsáid freisin mar uirlis do mhúinteoirí faoi oiliúint chun tacú lena bhforbairt leanúnach.

1

Caighdeán Cláir

Tá líon príomhphriobsabail mar bhonn taca le clár oideachais tosaigh múinteoirí a dhearadh:

- na luachanna croíláir atá mar bhonn taca leis an gCód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí – iontaobhas, ionracas, cúram agus meas
- tiomantas chun múinteoireacht agus foghlaim ar ardchaighdeán a éascú do gach dalta
- teagasc agus foghlaim mhachnamhach a fhaigheann eolas ó thaighde a nascann láithreáin cleachtais (IAO agus scoil)
- socrúchán scoile i gcroílár oideachas múinteoirí
- múnla comhpháirtíochta lena mbíonn baint ag múinteoirí, scoileanna agus oideoirí múinteoirí
- aitheantas a thabhairt do thábhacht oideachas tosaigh múinteoirí atá ar ardchaighdeán mar chéad chéim sa leanúntas in oideachas múinteoirí

1.1 Dearadh Cláir

1.1.1 An Clár

Beidh creidiúnú acadúil faighte ag na cláir sula gcuirfear faoi bhráid na Comhairle Mhúinteoireachta iad le haghaidh creidiúnú gairmiúil.

Trína Rialacháin um Chlárúchán na Comhairle, tá na caighdeáin seo ag teacht leis an gCreat Náisiúnta Cáilíochta. Tá sé seo déanta ar mhaithe le héascú a dhéanamh ar obair soláthróirí cláir ó thaobh an comhghaol idir na ceanglais do chreidiúnú acadúil agus gairmiúil a aithint.

1.1.2 Creat Coincheapúil

Ba cheart tacaíocht a thabhairt do Chláir OTM trí chreat coincheapúil sainmhínithe go soiléir. Beidh aidhmeanna atá sainmhínithe go soiléir mar bhonn taca leo atá ailínithe go dlúth le creat coincheapúil an chláir agus déantar léiriú orthu i dtorthaí foghlama sonracha. Is soláthróirí a dhéanfaidh an creat a fhorbairt i gcomhthéacs a misean agus a n-éiteas áirithe agus cuirfidh taighde agus *Polasaí ar an Leanúntas in Oideachas Múinteoirí* agus *Cód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí* eolas ar fáil dó.

Ba cheart go n-aithneofaí sa chreat coincheapúil na prionsabail, na tuairimí agus na luachanna faoi oideachas, faoi oideachas múinteoirí, agus faoi theagasc agus faoi fhoghlaim, a chreideann an IAO is fearr a thacóidh leis na múinteoirí faoi oiliúint ó thaobh foghlaim maidir le múinteoireacht agus conas múinteoireacht a dhéanamh. Beidh cur chuige a fhaigheann tacaíocht ó thaighde mar bhonn taca leis an gcreat agus a thacaíonn leis na múinteoirí faoi oiliúint a bheith rannpháirteach i dtaighde. Cuirfidh an cur chuige seo ar chumas an mhúinteora faoi oiliúint, le linn dó/di a bheith ar shocrúchán an nasc idir suímh cleachtais (IAO agus scoil) a léiriú. Ba chóir go léireofaí sa chreat coincheapúil freisin go bhfuil socrúchán scoile i gcoirlár an leanúntais in oideachas múinteora. Ba cheart go gcuirfeadh sé réasúnaíocht ar fáil don mhúnla OTM a ghlac an soláthróir leis. Ba cheart go mbeidh naisc shoiléire idir aidhmeanna an chláir agus an creat coincheapúil, mar a bheidh athchuir a thabhairt ar théamaí lánacha le linn an chláir.

Ba cheart go léireodh an ghné ó thaobh staidéar gairmiúil de go mbíonn deiseanna leordhóthanacha á fháil ag na múinteoirí faoi oiliúint chun foghlaim go gníomhach ó mhúinteoirí atá ag cleachtadh maidir le modh eolaíochta ábhartha agus nuálach atá oiriúnach dá gcleachtas. Beidh na deiseanna seo neamhspleách air agus sa bhreis ar an rannpháirtíocht le Treoirthe ar shocrúchán scoile.

1.1.3 Aidhmeanna an Chláir

Ba chóir go mbeadh cláir OTM ag comhlíonadh riachtanais chuí na rialachán um chlárúchán na Comhairle Mhúinteoireachta. Ba chóir dóibh a bheith bunaithe ar aidhmeanna léirmhínte atá ceangailte go dlúth le creat coincheapúil an chláir agus léirithe i dtorthaí sonracha foghlama.

Ba cheart go gcuirfidh cláir ar chumas mhúinteoirí nuacháilithe teagasc agus foghlaim atá ar ardchaighdeán a éascú do gach dalta. I gcomhthéacs forbairt curaclam chun torthaí foghlama bunaithe ar churaclam agus tosaíochtaí náisiúnta a thabhairt san áireamh, lena n-áirítear, iad siúd atá aitheanta sna croí-ghnéithe i dTábla 2, “cuirfidh cláir ghníomhaireachta múinteoirí chun cinn chun cur ar a gcumas a gcruithaitheacht, eolas agus scileanna a fheidhmiú laistigh de agus ar fud raon disciplíní” (Ráiteas Polasaí um Oideachas STEM, 2017-2026).

Ba chóir do chláir na múinteoirí faoi oiliúint a ullmhú don mhúinteoireacht, don fhoghlaim, do chleachtais mhachnamhacha agus do mheasúnú ina gcuid scoileanna. Beidh siad ullmhaithe le dul isteach ina ról gairmiúil i gcomhthéacs gairm na múinteoireachta atá comhoibríoch, ionchuimsitheach, fuinniúil, ag cabhrú leo chun plé le comhghleacaithe, le comhghairmithe agus le tuismitheoirí agus a gcuid ról faoi seach a thuiscint.

Ba chóir go gcothódh na cláir dearcadh sna múinteoirí faoi oiliúint lena bheith oscailte d'fhás gairmiúil agus lena bheith ag foghlaim ar feadh a ngairme, machnamh a dhéanamh ar a bhfoghlaim gairmiúil féin chomh maith le foghlaim ghairmiúil a gcuid daltaí chun a lánacmhainneacht a bhaint amach.

1.1.4 Tréimhse agus Cothromaíocht Cláir

Is íostréimhse de ceithre bliana a bheidh i gceist le cláir chomhthráthacha agus íostréimhse dhá bhliain a bheidh i gceist le cláir chomhleanúnacha.

Ba chóir go mbeadh na múnlaí teagaisc, foghlama agus measúnaithe atá leagtha amach sa chreat coincheapúil le feiceáil i struchtúr an chláir. Ba chóir gach réimse staidéir a cheangail le hobair na mac léinn amach anseo mar mhúinteoirí, chun a dtuiscint agus a dtaithe ar chastacht an teagaisc a fhorbairt. Ba chóir do chláir fás sa ról gairmiúil agus forbairt phearsanta múinteoirí faoi oiliúint a éascú, á gcumasú mar chleachtóirí a bheidh freagrach, iontaofa, éifeachtach agus machnamhach.

Ba chóir go n-ullmhóidh cláir na múinteoirí faoi oiliúint don saol sa seomra ranga agus do rannpháirtíocht ghníomhach i dteagasc laistigh de phobal foghlama gairmiúil. Maidir leis sin, léireoidh comhpháirteanna an chláir *Cód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí* na Comhairle Mhúinteoireachta, go háirithe, croilúachanna *iontaobhais, cúraim, meas agus ionracas*.

Ba chóir go mbeadh cothromaíocht chuí idir na réimsí éagsúla staidéir maidir le tréimhsí agus acmhainní a roinnt orthu agus an cion creidiúintí a leithdháiltear orthu. Tá riachtanais na Comhairle maidir leis seo leagtha amach i dTábla 1.

Tábla 1: Cothromaíocht Chláir OTM

	Cláir Chomhleanúnacha Íostréimhse 2 Bhliain (120 ECTS)		Cláir Chomhthráthacha Íostréimhse 4 Bliana (240 ECTS)	
	Bunscoil	Iarbhunscoil	Bunscoil	Iarbhunscoil
Bonnstaidéar agus Staidéar Gairmiúil (Íos-ECTs sonraithe)	50% (60 ECTS)	50% (60 ECTS)	55% (132 ECTS)	25% (60 ECTS)
Socrúchán Scoile (Íos-ECTs sonraithe)	40% (48 ECTS) (24 seachtaine)	40% (48 ECTS) (24 seachtaine nó a choibhéis)	25% (60 ECTS) (30 seachtaine)	25% (60 ECTS) (30 seachtaine nó a choibhéis)
Disciplíní Ábhair				50% (120 ECTS)
Tréimhse Lánroghnach (Uas-ECTs sonraithe)	10% (12 ECTS)	10% (12 ECTS)	20% (48 ECTS)	
Tréimhse Foghlama sa Ghaeltacht	4 seachtaine (2 bloc de 2 seachtaine)	De réir Riachtanais Ábhar Curaclaim	4 seachtaine (2 bloc de 2 seachtaine)	De réir Riachtanais Ábhar Curaclaim

1.1.5 Tréimhse Foghlama sa Ghaeltacht

Ba chóir go ndéanadh cláir phríomha comhleanúnacha agus comhthráthacha soláthar do chlár oideachasúil tumthach trí mheán na Gaeilge i socrúchán Gaeltachta d'íostréimhse ceithre seachtaine. D'fhéadfaí é seo a rochtain in dhá bhloc, agus ba chóir go mbeadh tréimhse coicíse ar a laghad i gceist.

Leanfaidh na cláir na *Siollabais Oifigiúla do na Tréimhsí Foghlama sa Ghaeltacht do Mhic Léinn Oideachais*.

Ba chóir go dtabharfadh an clár an deis do mhúinteoirí faoi oiliúint cur lena bhfoghlaím bunaithe ar phunann, sé sin Taisce, trí úsáid a bhaint as an Fhillteán Foghlama a ndearnadh forbairt orthu le linn a dTréimhsí. Ba chóir go mbeadh an Fillteán Foghlama ábhartha ó thaobh na ngnéithe de staidéar gairmiúil an chláir OTM.

Chomh maith leis sin, ba cheart go ndéanfaidh na cláir Ghaeltachta soláthar leordhóthanach le hilchineálacht foghlama i ndaonra na múinteoirí faoi oiliúint a thabhairt san áireamh, m.sh. cainteoir dúchais, foghlaiméirí dara teanga le hard inniúlacht.

Tá an clár oideachais tumthach seo mar chuid de chlár iomlán OTM. Ba chóir go mbeadh foireann an IAO sásta go mbíonn an taithí oideachasúil tumthach ar chaighdeán leordhóthanach.

Ag teacht le prionsabail an chomhtháthaithe, beidh fianaise ag teastáil ón gComhairle go gcuireann ábhar an chláir deiseanna ar fáil do na múinteoirí faoi oiliúint lena dtaithí a chomhtháthú go stuama ina gcuid foghlama san IAO, m. sh., machnamh a dhéanamh ar a dtaithí sa Ghaeltacht; a gcuid Fillteán Foghlama agus a dteanga labhartha a chur i láthair a bpiaráí.

I gcomhthéacs a chinntiú go mbíonn soláthar leordhóthanach múinteoirí ann chun freastal ar riachtanais aitheanta an chórais, lena n-áirítear, scoileanna Gaeltachta agus i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge, fáiltíonn an Chomhairle roimh bhearta nuálacha eile a thacaíonn leis na múinteoirí faoi oiliúint go léir chun cur lena dtuiscint ar theagasc na socrúcháin seo, agus a dhéanadh iarracht tacaíocht a thabhairt dóibh ina bhfoghlaím leanúnach chun freastal ar na riachtanais seo. D'fhéadfadh sé go n-áireodh an socrúchán scoile, socrúchán i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge.

1.1.6 Comhtháthú agus Ilchineálacht Ábhar an Chláir

Ba chóir cláir a dhearadh ar bhealach taispeántach comhtháite, le bonnstaidéir, staidéir ghairmiúla, socrúchán scoile agus, mar is cuí, disciplíní ábhair. Ba chóir do sholáthróirí pleanáil agus éascú chuige seo le próisis ghrúpa atá comhoibritheach agus trasdisciplíneach. Go háirithe, ba chóir bonnstaidéir a chomhtháthú sa chlár do mhúinteoirí faoi oiliúint ar bhealach atá stuama. Ba chóir modúil a dhírú ar cheangail idir chúrsaí, mhodhanna agus chomhthéacs sóisialta cleachtais i seomraí ranga agus i scoileanna.

Ba chóir go leanfaidh dearadh cláir cur chuige maidir le foghlaim bhíseach a cheadódh athchuart a thabhairt ar choincheapa agus ar thopaicí lárnacha thar thréimhse an chláir chun tuiscintí a dhoimhniú.

Ba chóir cláir a dhearadh chun éagsúlacht modhanna teagaisc, foghlama agus measúnaithe a scaoileadh isteach, de réir mar is cuí, sa réimse staidéir. Ba chóir go mbeadh ranganna teagaisc, obair i ngrúpaí beaga agus foghlaim thaithíoch mar chuid lárnach de chlár uile OTM.

Ba chóir go soláthródh cláir deiseanna do mhúinteoirí faoi oiliúint agus d'fhoireann an chláir mhachnamh aonair nó i ngrúpaí a dhéanamh.

'Trialacha Inniúlachta' a sholáthar do mhúinteoirí a cháiligh lasmuigh den Stát.

Ba chóir go gcuirfeadh dearadh cláir deis ar fáil chun 'trialacha inniúlachta' a sholáthar do mhúinteoirí a cháiligh lasmuigh den Stát i gcomhthéacs Treoir (2013/55/CE) an AE i ndáil le hAitheantas na gCáilíochtaí Gairmiúla.

Cumasaíonn Treoir (2013/55/CE) an AE saorghluaiseacht gairmithe aitheanta laistigh den AE. Tá an Chomhairle Mhúinteoireachta tiomanta, mar chomhlacht do chaighdeáin ghairmiúla do ghairm na múinteoireachta agus mar údarás inniúil d'aitheantas gairmiúil múinteoirí a cháilíonn lasmuigh den stát, cothabháil agus feabhas a chur ar chaighdeán an OTM atá leagtha amach sa doiciméad seo. Áirítear anseo, a chinntiú go mbaineann na múinteoirí go léir, beag beann ar an tír inar cáilíodh iad na caighdeáin chéanna oideachais tosaigh múinteoirí amach.

Déanann an Chomhairle Mhúinteoireachta measúnú ar cháilíochtaí na múinteoirí a cháiligh lasmuigh den stát agus a bhfuil aitheantas gairmiúil á lorg acu in Éirinn. Déanann an Chomhairle comparáid idir na cáilíochtaí seo agus ábhar na gclár oideachais tosaigh múinteoirí sa Stát. Sa chás go meastar nach bhfuil cáilíochtaí an iarrthóra inchomparáide leis na caighdeáin seo, cuirfidh an Chomhairle litir ar fáil dóibh ina dtugtar breac-chuntas ar na réimsí a feidhmíodh mar choinníollacha ó thaobh a n-aitheantas. Aithneofar i gcur chuige measúnaithe na Comhairle coinníollacha atá ag teacht le dearadh agus le hábhar na gclár OTM sa stát, faoi réimsí leathana Bonnstaidéar, Staidéar Gairmiúil, Comhthéacs Oideachais na hÉireann, Socrúchán Scoile agus Inneachar Ábhar Léinn.

Sa chás go dtagann difríochtaí chun cinn san ábhar a rabhthas ag staidéar air, léirítear i dTreoir an AE nach mór 'trial inniúlachta' a chur ar fáil laistigh de thréimhse 6 mí ón dáta ar feidhmíodh an coinníoll, ar mhaithe le haghaidh a thabhairt ar an easnamh san ábhar. Tagraíonn 'trial inniúlachta' sa chomhthéacs seo d'eolas a léiriú (m.sh. tasc, scrúdú (ó bhéal, i scríbhinn, praiticiúil) tionscadal nó portfóilió ina dtugtar aghaidh ar na difríochtaí a aithníodh.

D'fhéadfadh IOAanna 'trialacha inniúlachta' a sholáthar ar bhonn aonair nó ar bhonn grúpa.

1.1.7 Réimsí Riachtanach Staidéir

A. Bonnstaidéar, Staidéar Gairmiúil agus Socrúchán Scoile

Aitheantas a thabhairt go leanann oideachas múinteoirí ar feadh thréimhse iomlán gairm an mhúinteora, ba chóir go ndíreodh OTM ar bhonn láidir eolais, scileanna agus luachanna gairmiúla ar ardleibhéal a sholáthar do mhúinteoirí faoi oiliúint, gur féidir leo tógáil orthu tríd an leanúntas in oideachas múinteoirí. Sa chomhthéacs seo, cuirtear béim ar thábhacht OTM maidir le foghlaim na múinteoirí faoi oiliúint, foghlaim na múinteoirí, forbairt saineolas oiriúnaitheach agus fás gairmiúil.

Ba chóir go n-áireodh comhpháirteanna disciplín ábhair i gcláir iar-bhunscoile OTM staidéar agus oideolaíochta (modheolaíocht) atá sonrath don churaclam, lena dtugtar aghaidh ar theoiric, modheolaíocht agus cleachtas ábhair shonracha a theagasc, mar is cuí.

Ba chóir do bhonnstaidéar:

- Léargais [bunaithe ar thaighde](#)¹ a sholáthar chun tacú le tuiscint mhúinteoirí faoi oiliúint ar chleachtais teagaisc, foghlama agus measúnaithe do na daltaí go léir
- Bonn a sholáthar d'eitic láidir ghairmiúil sa mhúinteoireacht agus san fhoghlaim
- na hábhair seo a leanas a chur san áireamh i staidéar curaclaim, stair agus polasaí an oideachais, fealsúnacht an oideachais, síceolaíocht an oideachais, socheolaíocht an oideachais
- cur le tuiscint mhúinteoirí faoi oiliúint ar chóras oideachais na hÉireann, é a shuíomh i gcomhthéacs, agus iad a chumasú chun machnamh criticiúil a dhéanamh faoi
- fiosrú a dhéanamh ar phríomhghnéithe an chomhthéacs ghairmiúil ina bhfuil machnamh agus gníomhartha múinteoirí á ndéanamh.

Ba chóir do staidéar gairmiúil:

- saineolas oideolaíochta na múinteoirí faoi oiliúint a fhorbairt, lena n-áirítear, eolas ábhar oideolaíochta a bhaineann go saineúil le hábhar
- a chinntiú go gcuirtear deiseanna ar fáil do mhúinteoirí faoi oiliúint chun a fháil amach faoi agus teicneolaíochtaí nua agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn a fhiosrú do theagasc agus d'fhoghlaim ar feadh oideachas tosaigh múinteoirí.
- scileanna cumarsáide múinteoirí faoi oiliúint a chur chun cinn
- a chinntiú go dtuigeann agus go gcleachtann múinteoirí faoi oiliúint gur cineál foghlama féinchriticiúil é an teagasc féin, le réimse deiseanna le haghaidh machnamh aonair agus ghrúpa a dhéanamh agus lena bheith rannpháirteach i dtaighde.
- oiriúnaitheach saineolais na múinteoirí faoi oiliúint a fhorbairt².

Ba chóir go soláthródh an socrúchán scoile deiseanna do mhúinteoirí faoi oiliúint chun:

- taithí a fháil ar mhúnla socrúcháin ard-tacaíochta/ard-dúshláin, áit a ndéantar cothú ar a gcuid láidreachtaí, fad a aithnítear réimsí foghlama agus forbartha breise i gcomhthéacs uileghabhálach gairmiúlachta comhoibríoch
- rannpháirtíocht i dtaighde maidir lena gcuid cleachtas féin a léiríonn an nasc idir suímh cleachtais (IAO agus scoil). Déanfaidh an múinteoir faoi oiliúint a bpleananna taighde a phlé leis an Treoraí, mar gur orthusan atá freagracht foriomlán ó thaobh an ranga
- pleanáil do, agus tabhairt faoi rangtheagasc, foghlaim agus measúnú agus úsáid á bhaint as raon leathan straitéisí i socrúcháin scoile agus leibhéil ábhair atá ilchineálach
- straitéisí bainistíochta seomra ranga a bhunú a thacaíonn le foghlaim atá oiriúnach agus éifeachtach do na daltaí go léir agus iompar dearfach a chothabháil agus a chur chun cinn
- breithniú a dhéanamh ar mhúinteoirí a bhfuil taithí acu agus iad ag múineadh
- a bheith rannpháirteach i raon leathan gníomhaíochtaí scoile
- machnamh criticiúil a dhéanamh ar a gcuid cleachtas agus ar a gclár staidéir agus an bealach ina gcuireann an péire acu faisnéis agus cruth ar fáil dá chéile
- aiseolas ar a gcleachtas a fháil agus freagairt dó
- réimsí maidir le foghlaim ghairmiúil bhreise do *Droichead* a aithint.

B. Gnéithe lárnacha de chlár OTM

Sa bhreis ar na réimsí a dtugtar breac-chuntas orthu thuas, leagtar amach i dTábla 2 na gnéithe a bheidh lárnach ó thaobh chlár go léir an OTM.

1 Straitéis Taighde na Comhairle Múinteoireachta.

2 Is fearr is féidir tuiscint a fháil ar shaineolas oiriúnaitheach trína chur i gcodarsnacht le gnáth-shaineolas. Glacann an dá cheann leis go mbíonn múinteoirí ag foghlaim ar feadh a saoil. Foghlaimíonn gnáth-shaineolaithe conas sraith scileanna croíláir a chur i bhfeidhm le líofacht agus le héifeachtúlacht níos fearr. Bíonn saineolaithe oiriúnaithe, ar an lámh eile, ag déanamh leathnú ar bhonn leanúnach ar leithead agus ar dhoimhneacht a gcuid saineolais agus tá aird á thabhairt acu ar chásanna nach bhfuil na scileanna atá acu leordhóthanach. Dá bhrí sin, tá an cumas ag múinteoirí le saineolas oiriúnaitheach, cásanna a aithint nuair nach n-oibríonn gnáthaimh atá ar eolas agus beidh eolas nua á lorg acu maidir le cur chuige difriúil nuair is gá” (Timperley, 2011, leathanach 12).

Tábla 2: Gnéithe Lárnacha de Chláir OTM

Ba chóir go n-áireodh **gach** clár OTM ar bhonn cothrom na gnéithe sonracha a leagtar amach thíos. Aithníonn an Chomhairle gur dóichí go bhfuil go leor de na réimsí seo staidéir san áireamh i gcláir OTM cheana féin, trí bhonnstaidéar nó trí staidéar gairmiúil. Trína léiriú mar ghnéithe lárnacha de gach clár, tá an Chomhairle ag cinntiú go mbíonn na gnéithe seo mar bhonn taca de gach gné de chláir OTM.

- 1. Oideachais Ionchuimsitheach:** Ag tagairt d'Oideachas Ionchuimsitheach a dtugtar breac-chuntas ina leith sa Ghluais, áiríonn sé seo cothú a dhéanamh ar thimpeallacht foghlama cuí, lena n-áirítear, timpeallachtaí digiteach agus a thacaíonn le cumas an mhúinteora faoi oiliúint a fhorbairt chun riachtanais foghlama na ndaltaí go léir a sholáthar, trí úsáid a bhaint as, mar shampla, dearadh uilíoch do chreat foghlama.
- 2. Oideachas Saoránachta Domhanda:** chun Forbairt Inbhuanaithe, Folláine (pearsanta agus pobail); Ceartas Sóisialta, Idirchultúrachas a thabhairt san áireamh. Ba cheart go mbeadh comhtháthú follasach idir Oideachas Ionchuimsitheach agus Oideachas Saoránachta Domhanda atá bunaithe ar phrionsabal cúram a dhéanamh do dhaoine eile.
- 3. Caidreamh Gairmiúil agus ag oibriú le tuismitheoirí:** (chun oibriú le tuismitheoirí, daltaí, piaraí, gníomhaireachtaí seachtracha agus le daoine eile a thabhairt san áireamh; ullmhú do shocrúcháin scoile; an scoil mar phobal foghlama; agus reachtaíocht atá ábhartha don scoil agus don seomra ranga).
- 4. Féiniúlacht Ghairmiúil agus Gníomhaireacht:** chun tacaíocht d'fhorbairt an mhúinteora mar ghairmí neamhspleách féinmhachnamhach a léiríonn na ceithre luach a bhfuil breac-chuntas tugtha ina leith sa Chód Iompair Gairmiúil do Mhúinteoirí agus an múinteoir mar fhoghlaiméir ar feadh an tsaoil (agus Treoraí) maidir le leanúntas in oideachas múinteoirí a thabhairt san áireamh.
- 5. Cleachtas Cruthaitheach agus Machnamhach:** (chun dearcadh cruthaitheach a chothú i measc na múinteoirí faoi oiliúint a thabhairt san áireamh, múinteoirí mar chleachtóirí machnamhacha; múinteoirí mar nuálaithe; múinteoirí mar thaighdeoirí; caidreamh múinteoirí leis an scoil mar phobal foghlama agus forbairt *Taisce* chun tacú le próiseas foghlama bunaithe ar phunann).
- 6. Litearthacht agus uimhearthacht:** Cinnteoidh dearadh chláir go dtugtar deiseanna do mhúinteoirí faoi oiliúint a litearthacht agus a n-uimhearthacht féin a fheabhsú agus éileofar orthu leibhéal inghlactha inniúlachta sa litearthacht agus san uimhearthacht a léiriú. Ba cheart go léireodh na múinteoirí faoi oiliúint a n-inniúlacht ó thaobh teagasc agus measúnú a dhéanamh ar litearthacht agus uimhearthacht atá cuí maidir lena réimsí curaclaim/ábhair.
- 7. Scileanna Digiteacha:** Chun Litearthacht Dhigiteach a thabhairt san áireamh; úsáid teicneolaíochtaí digiteacha chun tacú le teagasc, foghlaim agus measúnú do gach foghlaiméir; comhtháthú scileanna digiteach ar fud cláir, lena n-áirítear, deiseanna don mhúinteoir faoi oiliúint teicneolaíochtaí nua agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn a fhiosrú.

Chomh maith leis na gnéithe atá thuas nach mór a bheith i gcroílár gach clár OTM, tabharfar aghaidh ar an méid seo a leanas ar bhonn atá sonracha ó thaobh earnála.

Tabharfaidh gach clár OTM ag leibhéal bunscoile aghaidh ar:

- o **Gaeilge** - Ní mór muinín agus inniúlacht an mhúinteora faoi oiliúint sa Ghaeilge, lena n-áirítear, Gaeilge labhartha, a fhorbairt go leibhéal leordhóthanach chun cur ar a gcumas curaclam na bunscoile sa Ghaeilge a theagasc. Áirítear anseo, ach níl sé teoranta d'fhoghlaim teanga mar chuid den Tréimhse Foghlama sa Ghaeltacht.

(Tá múinteoirí faoi oiliúint atá cláraithe i gclár ISL OTM díolmhaithe ón riachtanas seo).

- o **Oideachas Luath-Óige**

Ba cheart go dtabharfaidh gach clár OTM ag leibhéal iarbhunscoile aghaidh ar riachtanais ábhar churaclaim na gcritéar um chlárúcháin:

- i. Cinnteoidh dearadh cláir chomhthráthacha go mbíonn ábhar cláir atá sonracha don ábhar ag teacht le riachtanais clárúcháin ábhar churaclam na Comhairle (iarbhunscoil).
- ii. Cinnteoidh dearadh cláir chomhleanúnacha go mbíonn próisis roghnaithe iontrála ag teacht le riachtanais clárúcháin ábhar churaclam na Comhairle (iarbhunscoil).

1.1.8 Straitéisí Foghlama agus Measúnaithe

Ba chóir go mbeadh na prionsabail, na tuairimí agus na luachanna faoi theagasc, faoi fhoghlaim agus faoi mheasúnú a leagtar amach sa chreat choincheapúil le feiceáil sna modhanna teagaisc, foghlama agus measúnaithe a úsáidtear sa chlár.

Measúnú

Ba chóir go mbeadh caidreamh réadúil idir deiseanna foghlama agus critéar measúnaithe a bhfuiltear ag súil go bhfreastalóidh múinteoirí faoi oiliúint orthu. Beidh próisis agus nósanna imeachta measúnaithe stuama agus déanfar iad a chomhtháthú agus úsáid á bhaint as modhanna measúnaithe éagsúla.

Ba chóir tacaíocht a thabhairt do na múinteoirí faoi oiliúint agus iad ag forbairt a gcuid straitéisí chun tacaíocht a thabhairt do, monatóireacht a dhéanamh air agus measúnú iomlánaíoch a dhéanamh ar chur chuige na ndaltaí i leith foghlama agus dul chun cinn – lena n-áirítear, teicnící maidir le haiseolas éifeachtach. Tá úsáid straitéisí measúnaithe do chríocha múnlaiteacha chomh maith le críocha suimitheacha tábhachtach.

1.2 Acmhainní a chur ar fáil don Chlár

1.2.1 Íosriachtanais Iontrála

Tá íosriachtanais iontrála do chlár Oideachas Tosaigh Múinteoirí leagtha síos ag an Aire Oideachais agus Scileanna i gcomhairle leis an gComhairle Mhúinteoireachta agus foilsítear iad ar láithreán gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna.

Tá na naisc le fáil [anseo](#) d'íosriachtanais iontrála do chlár chomhthráthacha agus do chlár chomhleanúnacha Bunscoile.

1.2.2 Soláthar Foirne

Tá ról sainiúil ag oideoirí múinteoirí IAOanna sa réimse oideachais, ag cabhrú le múinteoirí faoi oiliúint bunchloiche a ngairm mhúinteoireachta a thógáil agus, ar an mbealach sin, ag cur leis an leas coiteann sna scoileanna againn trí oideachas múinteoirí.

Cáilíochtaí agus taithí foirne – clárú leis an gComhairle

Ba chóir go mbeadh cáilíocht agus taithí ag léachtóirí agus ag comhaltaí foirne eile a léiríonn a gcumas le múinteoirí faoi oiliúint a múineadh chuig an leibhéal cáilíochta atá riachtanach. Ba cheart go n-áireodh sé seo taithí múinteoireachta san earnáil ábhartha. Ba chóir go mbeadh polasaithe forbartha foirne i bhfeidhm lena chinntiú go leanann comhaltaí foirne ag cur feabhas ar a n-eolas agus ar a saineolas, lena n-áirítear, iad siúd a bhaineann le cleachtas machnamhach, taighde, forbairt curaclaim, oideachas ionchuismitheach agus forbairt ghairmiúil.

Ó mhí na Bealtaine na bliana 2022, ba cheart go mbeidh 50% ar a laghad de na Teagascóirí Socrúcháin Scoile go léir cláraithe mar mhúinteoirí leis an gComhairle Mhúinteoireachta de réir na mBealaí Clárúcháin a bhfuil breac-chuntas tugtha ina leith i Rialacháin um Chlárúcháin na Comhairle Múinteoireachta (2016). Roimh cháiliú, ba cheart do mhúinteoir cláraithe measúnú suimitheach a dhéanamh ar an múinteoir faoi oiliúint uair amháin ar a laghad le linn a gclár oideachais tosaigh múinteoirí.

Foireann: cóimheas múinteoirí faoi oiliúint

Foireann: Is 15:1 cóimheas múinteoirí faoi oiliúint do chlár OTM. Is tacaíocht ríthábhachtach atá anseo ó thaobh a chinntiú go bhfaigheann scoileanna agus ranna oideachais na hacmhainní atá i gceist. Sa chás nach bhfuil clár ag cloígh leis an gcóimheas seo, cuirfear am líne soiléir, laistigh den tréimhse creidiúnaithe, faoi bhráid an IAO lena bhaint amach.

1.2.3 Saoráidí

Ba chóir saoráidí leordhóthanacha a bheith ar fáil chun tacú le taighde, teagasc agus foghlaim;

- Leabharlanna ina bhfuil na hacmhainní cuí, lena n-áirítear sa Ghaeilge agus i dTeangacha Iasachta agus i Nuatheangacha
- Saotharlanna teanga
- Rochtain chuig acmhainní Teicneolaíocht Dhigitheach atá tacúil ó haobh teagasc, foghlaim agus measúnú (ar líne)
- Acmhainní eolaíochta/spórt/ealaíona, mar is cuí
- Spásanna Ciúine agus Taighde Grúpa
- Spásanna lasmuigh agus Spásanna súgartha
- Saotharlanna Eolaíochta (iarbhunscoil)

1.2.4 Córais um Thacú agus Treorú Mac Léinn

Ba chóir go mbeadh soláthar leordhóthanach ar fáil maidir le forbairt phearsanta agus sóisialta chomh maith le cúram tréadach na múinteoirí faoi oiliúint.

Ba chóir go bhféadfadh múinteoirí faoi oiliúint aistriú chuig clár eile, sa chás é sin a bheith indéanta, agus creidiúint a thabhairt leo má dhéanann siad a leithéid, le haird chúil ar na socruithe do bhealach amach atá i bhfeidhm cheana féin ag IAOanna.

1.2.5 Struchtúir Chumarsáide agus Cinnteoireachta

Ba chóir struchtúir chúil a bheith i bhfeidhm maidir le rannpháirtíocht comhaltaí foirne agus mic léinn i bpróisis chúil breathnúcháin agus cinnteoireachta a éascú. Tá an chinnteoireacht mar scil lárnach i ról mhúinteora.

Ba chóir go mbeadh ionadaíocht ag an Roinn Oideachais agus Scileanna ar Chomhairle Acadúil agus Bord Rialaithe an IAO, nó a choibhéis.

1.2.6 Acmhainní Airgeadais

Ba chóir acmhainní leordhóthanacha a sholáthar do chlár chun a chinntiú go mbaintear aidhmeanna an chlár amach. Ba chóir go ligfeadh agus go léireodh buiséid ábhar chlár oideachas múinteoirí ina n-áirítear socrúcháin scoile agus raon saoráidí agus trealamh atá riachtanach chun tacú le himeachtaí praiticiúla gairmiúla. (Féach, mar shampla, 1.2.2 agus 1.2.3 thuas maidir le mionsonraí breise ar riachtanais na Comhairle).

Ar a laghad, ba chóir go léireodh an buiséad don Roinn Oideachais agus Scileanna an mhúnla maoinithe a úsáideann an tÚdarás um Ard-Oideachas.

1.3 Socrúchán Scoile

Ba chóir an chuid seo den doiciméad a léamh i gcomhar leis na *Treoirlínte ar Shocrúchán Scoile*.

1.3.1 Fís Comhroinnte do Shocrúchán Scoile

Tá socrúchán scoile mar ghné lárnach in oideachas tosaigh múinteoirí, áit a bhfáiltítear roimh mhúinteoirí faoi oiliúint agus a bhfaigheann siad tacaíocht ó theagascóirí IOA, ó phríomhoidí scoile, múinteoirí ranga agus ón bpobal scoile. Tugtar aitheantas agus déantar ceiliúradh ar an gcion luachmhar a chuireann múinteoirí faoi oiliúint le foghlaim na ndaltaí agus le saol na scoile.

Ní mór do mhúinteoirí faoi oiliúint an ghné seo den chlár a chomhlánú go rathúil. Cuireann sé deis ar fáil do na múinteoirí faoi oiliúint machnamh a dhéanamh ar a bhféiniúlacht mar mhúinteoirí, é sin a fhorbairt agus a bheith inghlactha sa ghairm. Tá sé mar bhonn taca le tuiscint ghairmiúil comhroinnte go gcuireann rannpháirtíocht comhoibríoch le socrúchán scoile deiseanna ar fáil d'fhorbairt ghairmiúil don uile dhuine atá rannpháirteach ann.

Tacaíonn comhpháirtíochtaí Scoile-IAO le:

- o comhoibriú gairmiúil
- o nuálaíocht i gcleachtas oideolaíochta do gach múinteoir a chothú
- o rannpháirtíocht na múinteoirí go léir le taighde agus i dtaighde
- o atá dírithe ar riachtanais foghlama na ndaltaí agus na múinteoirí go léir.

Faigheann múinteoirí faoi oiliúint taithí ar mhúnla tacúil socrúcháin a éascaíonn rannpháirtíocht maidir le comhráite gairmiúla idir na comhpháirtithe go léir. Ba chóir go n-áireodh tacaíochtaí den sórt sin struchtúir ar leibhéal náisiúnta chun rannpháirtíocht comhoibríoch i socrúchán scoile a éascú. Aithníonn na múinteoirí faoi oiliúint foghlaim ghairmiúil bhreise do Droichead, an chéim ionductúcháin den leanúntas.

1.3.2 Tréimhse

Ba chóir go gcomhlíonfadh an tréimhse socrúcháin scoile ceanglais na Comhairle Mhúinteoireachta mar atá leagtha amach i dTábla 1.

Ba chóir go n-áireodh an tréimhse gníomhaíochtaí scoil-bhunaithe agus gníomhaíochtaí atá treoraithe ag an IAO ar aon, mar a dtugtar breac-chuntas ina leith sna Treoirlínte ar Shocrúchán Scoil. Ba chóir, le linn tréimhse an chlár iomláin, go gcuimseodh an ghné scoil-bhunaithe taithí dhíreach múinteoireachta ar feadh 200 uair an chloig ar a laghad, a d'fhéadfadh taithí mhúinteoireachta ar bhonn foirne a thabhairt san áireamh. Ba chóir go mbeadh tréimhse fadaíthe socrúchán scoile ar siúl sa dara leath den chlár le socrúchán amháin ar a laghad ar siúl níos deireanaí ar feadh tréimhse 10 seachtaine ar a laghad, nó a chomhionann, agus tréimhse 3 lá ar a laghad in aghaidh na seachtaine á chaitheamh sa scoil. Níor chóir go mbeadh múinteoirí faoi oiliúint i mbunscoileanna ar amchlár atá deighilte óna ranganna á bhfuil siad sannta dóibh chun críocha an tsocrúcháin.

Ní bheidh tréimhsí socrúcháin ar siúl ach amháin i scoileanna atá aitheanta de réir Alt 10 d'Acht Oideachais, 1998³. Is ar an múinteoir ranga atá an phríomhfhreagracht as a gcuid ranganna i gcónaí.

Ba chóir go mbeadh an tréimhse, sna socrúcháin go léir, leordhóthanach do na múinteoirí faoi oiliúint le haithne a chur ar na daltaí agus ar an timpeallacht foghlama. Ba chóir go gceadófaí am freisin don mhúinteoir faoi oiliúint pleanáil, teagasc agus measúnú a dhéanamh ar fhoghlaim na ndaltaí, meastóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar phleanáil agus machnamh a dhéanamh ar a chleachtas/ ar a chleachtas. Ba chóir go n-áireodh an taithí, deiseanna do bhreathnóireacht chórasach sa scoil, maidir le hobairt i gcomhar le foireann na scoile agus maidir le rannpháirtíocht struchtúrtha i saol na scoile.

Ba chóir go dtabharfadh tréimhse an tsocrúcháin an deis freisin le forbairt a dhéanamh ar chur chuige atá níos machnamhaí agus dírithe ar fhiosrúcháin i leith socrúchán scoile agus éascú a dhéanamh ar fhorbairt an mhúinteora mar chleachtóir machnamhach. Ba chóir go dtabharfadh dearadh an chlár an deis le haghaidh ullmhú níos struchtúrtha do socrúchán scoile agus do chomhfhaisnéisiú agus do mhachnaimh díreach tar éis an tsocrúcháin.

³ Is féidir le soláthóirí, sa bhreis ar na híosstréimhsí atá forordaithe ag an gComhairle Mhúinteoireachta i dTábla 1, cinneadh a dhéanamh socrúcháin bhreise a eagrú i suímh eile nach bhfuil aitheanta de réir Alt 10 den Acht Oideachais, 1998.

1.3.3 Gnéithe de Shocrúchán Scoile

Ba chóir go gcinnteoidh scoileanna agus IAOanna go dtugtar meascán cuí de chineálacha difriúla gníomhaíochtaí do mhúinteoirí faoi oiliúint an t-achar is a bhíonn siad ar shocrúchán, agus aird á thabhairt ar an gcéim den OTM ag a bhfuil siad. Tá liosta nach bhfuil uileghabhálacha de ghníomhaíochtaí scoil-bhunaithe atá a dtreorú ag an IAO liostaithe sna Treoirínte ar Shocrúchán Scoile.

1.3.4 Múnlaí de Shocrúcháin Scoile

Ba chóir múnlaí socrúcháin scoile nua agus nuálacha a fhorbairt agus úsáid á bhaint as cur chuige comhpháirtíochta, trína bhféadfadh IAOanna agus scoileanna comhoibriú go gníomhach ó thaobh socrúcháin scoile a eagrú.

1.3.5 Socrúchán a Aimsiú

Tá freagracht foriomlán ar na IAOanna ó thaobh socrúcháin a eagrú do mhúinteoirí faoi oiliúint agus d'fhéadfadh sé go roghnódh siad aithint óstscóileanna a tharmligeán do mhúinteoirí faoi oiliúint ó thráth go chéile.

1.3.6 Ilchineálacht Suímh Socrúcháin

Ba chóir go gcuimseoidh socrúcháin scoile dhá shuíomh socrúcháin ar a laghad i suímh mhúinteoireachta, leibhéil ranga agus comhthéacsanna scoile éagsúla a thabhairt san áireamh, lena n-áirítear, scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge.

Ba chóir gach iarracht a dhéanamh lena chinntiú go bhfaigheann múinteoirí faoi oiliúint taithí mhúinteoireachta i gcomhthéacsanna éagsúla scoile chun léiriú a dhéanamh ar mheascán socheacnamaíochta agus cultúrtha na sochaí. Ba chóir suímh mhúinteoireachta ar chumas measctha agus suímh teagaisc foirne/comhtheagaisc a spreagadh.

Ba chóir go mbeadh an múinteoir faoi oiliúint ag leibhéal bunscoile nochta do raon leibhéil ranga agus, sa chás gur indéanta, do shuímh ilranga thar thréimhse a shocrúchán/a socrúcháin. Ba chóir go mbeadh an deis ag an múinteoir faoi oiliúint ag leibhéal bunscoile chun an tsraith shóisearach agus an tsraith shinsearach, ranganna ar chumas measctha, ranganna speisialta agus ranganna scrúdaithe a theagasc, lena n-áirítear, Measúnuithe atá Bunaithe ar Sheomraí Ranga a chomhlánú. Ba chóir, agus an méid seo á phleanáil, go dtabharfadh IAOanna agus na scoileanna aird ar raon athróga, m.sh., tráthúlacht an tsocrúcháin i bhféilire na scoile agus an chéim ag a bhfuil an múinteoir faoi oiliúint sa chlár oideachais tosaigh múinteoirí (OTM).

D'fhéadfadh taithí maidir le socrúcháin eile, lena n-áirítear, socrúcháin Thuaidh/Theas agus Erasmus+ agus socrúcháin i Lárionaid Oideachais agus i suímh oideachais eile nach scoileanna aitheanta iad, taithí luachmhar mhúinteoireachta agus foghlama a chur ar fáil don mhúinteoir faoi oiliúint, agus d'fhéadfaí é a eagrú mar chuid de na gníomhaíochtaí a bhfuil an IAO ag díriú orthu agus atá liostaithe sna Treoirínte maidir le Socrúcháin Scoile. D'fhéadfadh múinteoirí faoi oiliúint ag leibhéal bunscoile roinnt taithí socrúcháin a fháil i suíomh oideachais Luath-Óige agus/nó in iarbhunscoileanna.

Ar an gcaoi chéanna, d'fhéadfadh múinteoirí faoi oiliúint ag leibhéal iarbhunscoile roinnt taithí maidir le socrúcháin a fháil i mbunscoil.

1.3.7 Taisce i Socrúcháin Scoile

Le linn gach modúil den socrúcháin scoile agus mar atá cuí do chéim forbartha an mhúinteora faoi oiliúint, ba chóir don mhúinteoir faoi oiliúint, trí úsáid a bhaint as Taisce:

- Tuiscint a léiriú ar oideachas ionchuimsitheach mar is infheidhme don chomhthéacs
- Tuiscint a léiriú ar oibriú le tuismitheoirí

Ba chóir go gcuirfidh an soláthróir cláir fianaise ar fáil maidir leis an gcur chuige atá á úsáid acu chun a chur ar chumas an mhúinteora faoi oiliúint tuiscint ar an méid atá thuas a léiriú.

Tá an Chomhairle den tuairim gur ionann mhúinteoireacht ionchuimsitheach maith agus mhúinteoireacht mhaith. Níor chóir go gcríochnóidh sainaitheint riachtanais foghlama le lipéad. Tá freagraí gairmiúla lena mbaineann scafántacht ó thaobh riachtanais foghlaiméirí, atá ag fáil eolais agus tacaíocht trí fhoghlaim ghairmiúil leanúnach, i gcroílár cleachtas ionchuimsitheach maith. Tá sé tábhachtach agus riachtanais á n-aithint go dtacódh oideachas mhúinteora le múinteoirí ó thaobh grá do agus lúcháir san fhoghlaim a chothú i ngach foghlaiméir, beag beann ar chúlra agus ar riachtanais aitheanta.

1.3.8 Taighde i Socrúchán Scoile

Tugann taighde an deis don mhúinteoir faoi oiliúint fiosrú a dhéanamh agus foghlaim óna gcleachtas agus smaointe a fháil agus a theacht ar chonclúid a dhéanann saibhriú agus a chuireann a dtuiscint maidir lena gcleachtas chun cinn agus a fheabhsaíonn a gcuid múinteoireachta.

Ba chóir, le linn modúil socrúcháin scoile amháin ar a laghad, go mbeadh an múinteoir faoi oiliúint rannpháirteach i dtaighde maidir lena gcleachtas féin a léiríonn an nasc idir na suímh chleachtas (IAO agus scoil). Déanfaidh an múinteoir faoi oiliúint a bpleananna taighde a phlé leis an Treoraí, mar go bhfuil an fhreagracht foriomlán orthusan as an rang.

Sa chomhthéacs seo is féidir taighde a ailíniú le riachtanais taighde na ndaltaí agus chun eolas a chur ar fáil agus chun beachtú a dhéanamh ar thuiscint an mhúinteora faoi oiliúint ar a chleachtas/a cleachtas oideolaíochta agus machnamhach féin. Is féidir taighde a dtugann an múinteoir faoi oiliúint faoi agus iad ar shocrúchán a ailíniú le riachtanais na scoile, riachtanais foghlama na ndaltaí agus gnéithe taighde atá bunaithe ar an IAO den chlár.

1.3.9 Socrúchán Scoile: Meastóireacht agus Measúnú

Tá an taithí socrúcháin scoile lárnach do gach clár OTM agus d'fhorbairt an mhúinteora faoi oiliúint. Ní amháin gur bealach atá ann le measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht an mhúinteora faoi oiliúint, ach is taithí ríthábhachtach atá ann freisin, trí fhéinmheastóireacht agus trí mheastóireacht sheachtrach ar oiriúnacht agus ar chumas an mhúinteora faoi oiliúint a bheith ina mhúinteoir/ina múinteoir.

Is ceanglas atá ann go dtacaíonn agus go ndéanann beirt Teagascóir Socrúcháin nó níos mó measúnú ar gach múinteoir faoi oiliúint.

Ó mhí na Bealtaine na bliana 2022, ba cheart go mbeidh 50% ar a laghad de na Teagascóirí Socrúcháin Scoile go léir cláraithe mar mhúinteoirí leis an gComhairle Mhúinteoireachta de réir na mBealaí Clárúcháin a bhfuil breac-chuntas tugtha ina leith i Rialachán um Chlárúcháin na Comhairle Múinteoireachta (2016). Roimh cháiliú, ba cheart do mhúinteoir cláraithe measúnú suimitheach a dhéanamh ar an múinteoir faoi oiliúint uair amháin ar a laghad le linn a gclár oideachais tosaigh múinteoirí.

Mar gheall ar an tábhacht agus an ábharthacht thar na bearta a ghabhann le dul isteach i ngairm na múinteoireachta, ní mór go n-éireoidh leis an múinteoir faoi oiliúint sa ghné socrúcháin scoile dá chlár/ dá clár oideachas múinteora neamhspleách ar aon ghné eile den chlár, leis an gcáilíocht atá á bronnadh a bhaint amach.

Sa chás go dteipeann ar mhúinteoir faoi oiliúint pas a ghnóthú sa socrúchán scoile, ba chóir tacaíocht maidir le saibhriú teagaisc agus meantóireachta a thairiscint dóibh agus ansin deis amháin eile ar ath-shocrúchán, le haird chuí a thabhairt ar chód maidir le hoiriúnacht do chleachtas na hinstiúide.

2

Caighdeáin do Mhúinteoir Iarchéime

Is tagarmharc iad na Caighdeáin Cláir a bhfuil breac-chuntas tugtha ina leith thuas don phróiseas athbhreithnithe agus creidiúnaithe. Bunóidh painéil athbhreithnithe a moladh ar na caighdeáin a bhfuil breac-chuntas tugtha ina leith i gcuid 1.

Tugtar breac-chuntas sna Caighdeáin do Mhúinteoir Iarchéime thíos ar na scileanna, an t-eolas, an tuiscint agus ar na luachanna gairmiúla a bhfuiltear ag súil leo ó mhúinteoirí nuacháilithe.

Maidir leis sin, táthar ag súil go mbainfidh na múinteoirí faoi oiliúint úsáid as na caighdeáin seo mar uirlis chun tacú lena bhforbairt leanúnach, lena n-áirítear, cleachtadh machnamhach agus fiosrúcháin oideolaíochta.

Is féidir le hoideoirí múinteoirí úsáid a bhaint as na Caighdeáin do Mhúinteoir Iarchéime freisin chun tacú le dearadh cláir.

Tá raon torthaí foghlama leagtha amach faoi trí cheann teideal leathana:

- 1 Luachanna Gairmiúla
- 2 Scileanna agus Cleachtas Gairmiúil
- 3 Eolas agus Tuiscint Ghairmiúil

Cuirfidh dearadh agus seachadadh na gclár ar chumas iarchéimithe freastal ar na torthaí foghlama a bhfuiltear ag súil leo. Go nádúrtha, tá torthaí foghlama nasctha lena chéile agus ní bhíonn ceann ann go nádúrtha as féin gan an péire a bheith le chéile. Is í an idirghaolmhaireacht seo i measc na gcaighdeán go léir a chumasaíonn forbairt agus gairmiúlacht an mhúinteora iarchéime.

Tá na torthaí foghlama nasctha go díreach le ról casta an mhúinteora a dtagraítear dó i réamhrá an doiciméid seo. Tuigeann siad an fhíríc go bhfuil tús a chur acu le haistear d'fhoghlaim ar feadh an tsaoil mar mhúinteoir iarchéime. Bunófar na torthaí air agus beidh rannpháirtíocht ag leibhéal níos leithne agus níos doimhne i gceist leis de réir mar a theann muinín agus taithí an mhúinteora i méid.

Tá na torthaí foghlama follasach trí:

- o structúir fhoirmiúla a éascaíonn comhrá idir an múinteoir faoi oiliúint, Treoraithe agus foireann IAO
- o breathnú agus meastóireacht ag an Teagascóir Socrúcháin IAO ar an múinteoir faoi oiliúint le linn taithí socrúchán scoile
- o breathnú agus aiseolas don mhúinteoir faoi oiliúint le linn taithí socrúchán scoile
- o tabhairt chun críche tionscadal taighde ag an múinteoir faoi oiliúint
- o rannpháirtíocht an mhúinteora faoi oiliúint i bpróiseas foghlama punann-bhunaithe agus measúnú leanúnach ar fhoghlaim.

Sna torthaí foghlama, atá leagtha amach ag an gComhairle, cuimsítear na caighdeáin teagaisc, eolais, scileanna, agus inniúlachta chomh maith leis na luachanna, claonta agus meonta gairmiúla atá lánach i gcleachtadh na múinteoireachta.

2.1 Luachanna Gairmiúla

Gnéithe	Beidh ar chumas an mhúinteora faoi oiliúint, faoi dheireadh an chláir oideachas tosaigh múinteoirí:
Caighdeán Eitice agus Iompar Ghairmiúil	<ol style="list-style-type: none"> <li data-bbox="475 421 1366 555">1. eolas agus tuiscint ar ról uathúil an mhúinteora mar ghairmí ó thaobh soláthar a dhéanamh d'fhorbairt iomlánaíoch na ndaltaí a léiriú agus nádúr casta na múinteoireachta, mar a shainmhínítear é sa <i>Chód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí</i> <li data-bbox="475 577 1366 712">2. eolas agus tuiscint a léiriú ar leanúntas in oideachas múinteoirí agus aistear foghlama ar feadh an tsaoil ag an múinteoir, a dtugtar breac-chuntas ina leith i ndoiciméid polasaí na Comhairle Múinteoireachta; <i>Droichead: Creat Comhtháite Ionduchtúcháin Gairmiúil agus Cosán: An Creat Náisiúnta d'Fhoghlaim Múinteoirí</i>
Teagasc Gairmiúil agus Eiticiúil	<ol style="list-style-type: none"> <li data-bbox="475 741 1366 808">3. tábhacht an tiomantais a léiriú d'fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus d'fhoghlaim ghairmiúil atá léirithe sa chur chuige a thógann sé/sí i leith na hoibre. <li data-bbox="475 831 1366 898">4. eolas agus tuiscint a léiriú ar ghnéithe dlíthiúla agus gairmiúla do riocht agus d'fhreagrachtaí an mhúinteora maidir lena chuid daltaí/a cuid daltaí. <li data-bbox="475 920 1366 1055">5. seasamh le luachanna croíláir agus le tiomantais ghairmiúla atá leagtha amach sa <i>Chód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí agus a bheith in ann a léiriú a thabhairt ar na luachanna agus ar na tiomantais seo agus a n-impleachtaí ar a cleachtas/ar a chleachtas.</i> <li data-bbox="475 1077 1366 1122">6. a bheith in ann cur le forbairt caighdeán agus le treoirlínte oideachais. <li data-bbox="475 1144 1366 1256">7. tuiscint a thaispeáint maidir le agus don chleachtas laistigh den chreat reachtúil a bhaineann le hoideachas, lena n-áirítear, treoirlínte maidir le cosaint leanaí, agus aon tosaíochtaí aitheanta, ábhartha agus náisiúnta eile. <li data-bbox="475 1279 1366 1368">8. eolas agus tuiscint a léiriú ar an tábhacht a bhaineann le foghlaim ghairmiúil a chomhroinnt ar bhealach comhghleacúil chun tacú le, agus feabhas a chur ar theagasc agus ar fhoghlaim. <li data-bbox="475 1391 1366 1458">9. oscailteacht a léiriú maidir le teicneolaíochtaí nua agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus a bhfeidhmiú in oideachas a léiriú. <li data-bbox="475 1480 1366 1547">10. tuiscint agus feasacht ar shaincheisteanna maidir le cleachtas gairmiúil a léiriú trí phróiseas machnamhach ar thaithí. <li data-bbox="475 1570 1366 1637">11. seasamh le clú agus leis an seasamh atá ag gairm na múinteoireachta trína gcleachtas, mar a shainmhínítear sa <i>Chód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí</i>.

2.2 Scileanna agus Cleachtas Gairmiúil

Gnéithe	Beidh ar chumas an mhúinteora faoi oiliúint, faoi dheireadh an chláir oideachas tosaigh múinteoirí:
Scileanna Bainistíochta agus Eagraithe Seomra Ranga	<ol style="list-style-type: none"> 1. scileanna cuí bainistíochta agus eagraithe seomra ranga a úsáid chun freastal ar raon cúinsí seomra ranga 2. a chuid/a cuid ama agus oibre a bhainistiú go héifeachtach agus go héifeachtúil 3. straitéisí bainistíochta seomra ranga a bhunú a thacaíonn le foghlaim atá oiriúnach agus éifeachtach do na daltaí go léir 4. timpeallacht shábháilte, idirghníomhach agus dúshlánach a chruthú agus a chothabháil agus úsáid á bhaint as straitéisí a chuireann chun cinn agus a dhéanann cothabháil ar iompar dearfach, de réir polasaí na scoile
Scileanna Cumarsáide agus Cur le Caidreamh	<ol style="list-style-type: none"> 5. caidreamh dearfach a fhorbairt agus cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le daltaí, tuismitheoirí, comhghleacaithe, múinteoirí faoi oiliúint, príomhoide na scoile, bainistíocht na scoile, comhghairmithe agus leis an bpobal níos leithne 6. dea-chaidreamh le daltaí agus idir daltaí a chothú, bunaithe ar chóimheas, muinín agus ar idirghníomhaíochtaí stuama 7. cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le daltaí, tuismitheoirí, comhghleacaithe, príomhoide na scoile, bainistíocht na scoile, comhghairmithe agus an pobal níos leithne trí scileanna (lena n-áirítear scileanna digiteach), stíleanna agus córais chuí a úsáid de réir an chúinse agus suímh ar leith 8. cur ar chumas daltaí aighneas a réiteach
Scileanna Eolais, Meonta agus Luachanna a Chomhtháthú agus a Fheidhmiú (i Suímh Oideachais Chasta Thaghdacha)	<ol style="list-style-type: none"> 9. acmhainní agus ábhair churaclaim éagsúla a rochtain, a fhorbairt agus a úsáid d'fhoghlaim agus do theagasc chun tacú le agus dúshlán daltaí a thabhairt 10. ionchais soiléir, dúshlánacha agus indéanta a leagan amach do na daltaí go léir ag teacht leis an gcuraclam 11. iarracht agus rathúlacht a spreagadh, a ghríosú agus a aithint agus a cheiliúradh 12. eolas a fheidhmiú maidir le hacmhainneacht aonair daltaí, meon i dtreo na foghlama, cúlraí éagsúla, féiniúlacht, taithí agus stíleanna foghlama i leith na pleanála do theagasc, foghlaim agus measúnú 13. raon straitéisí a úsáid chun tacú le, monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar chur chuige na ndaltaí i leith foghlama agus a ndul chun cinn – lena n-áirítear straitéisí d'aiseolas éifeachtach 14. rannpháirtíocht le daltaí ar mhaithe le straitéisí éifeachtacha, cruthaitheach agus samhlaíocha a fhorbairt a chuireann foghlaim aonair agus foghlaim chomhroinnte chun cinn 15. measúnú a dhéanamh ar bhaint amach chuspóirí an churaclaim agus a dteagasc a chur in oiriúint dá réir sin 16. úsáid a bhaint as a chuid/a cuid eolais maidir le forbairt iomlánaíoch na ndaltaí chun é a chuir i bhfeidhm i leith a dteagasc agus freagracht shóisialta a chur chun cinn

Gnéithe	Beidh ar chumas an mhúinteora faoi oiliúint, faoi dheireadh an chláir oideachas tosaigh múinteoirí:
<i>(ar lean)</i>	<p>17. úsáid éifeachtach a bhaint as eolas agus as scileanna teicneolaíochta ábhartha, lena n-áirítear, acmhainní ilmheáin chun cleachtais teagaisc agus measúnaithe a éascú agus chun cabhrú le foghlaim na ndaltaí</p> <p>18. cur le féinmheastóireacht agus pleanáil scoile atá éifeachtach</p> <p>19. príonsabail agus teoiricí ábhartha an oideachais a chomhtháthú i gcomhthéacs curaclam/siollabas ábhartha agus úsáid a bhaint as scileanna fiosraithe atá forbartha go maith chun eolas a chur ar fáil dá chleachtas/dá cleachtas gairmiúil</p> <p>20. measúnú córasach iomlánaíoch a dhéanamh ar riachtanais fhoghlaimoírí</p> <p>21. réimse modheolaíochtaí a fheidhmiú chun torthaí pleanáilte a bhaint amach</p> <p>22. meastóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn na ndaltaí i dtreo na dtorthaí sin</p> <p>23. pleananna a athbhreithniú de réir an eolais mheastóireachta agus i gcomhar le daoine eile, mar is cuí</p> <p>24. taighde cuí a dhéanamh agus a fheidhmiú mar is cuí dá chomhthéacs/dá comhthéacs teagaisc, chun eolas nua maidir le curaclam, oideolaíocht agus measúnú a léiriú, a anailísiú go criticiúil agus a chomhtháthú ina gcuid cleachtas</p> <p>25. comhoibriú le Múinteoirí Oideachais Speisialta trí dhaltaí a chur ar aghaidh chuig tacaíocht speisialaithe oideachais mar is gá agus páirt a ghlacadh maidir le soláthar na tacaíochta sin, mar is cuí</p>
<p>Scileanna Anailíse, Smaointeoireacht Chriticiúil, Réiteach Fadhbanna, Machnamh agus Meastóireachta</p>	<p>26. go haonar agus i gcomhar le comhghleacaithe, machnamh a dhéanamh ar mheonta agus tuairimí faoi theagasc agus foghlaim atá mar bhonn eolais agus treoir dá chleachtas/dá cleachtas gairmiúil</p> <p>27. machnamh criticiúil a dhéanamh ar éifeachtacht a chleachtas/a cleachtais ar bhonn leanúnach mar bhonn eolais do agus chun athrú a dhéanamh ar a chuid cleachtais/a cuid cleachtais</p> <p>28. rannpháirtíocht i gcineálacha éagsúla bailiú sonraí agus anailís agus meastóireacht chriticiúil a dhéanamh ar an eolas agus ar an taighde ábhartha</p> <p>29. smaointeoireacht chriticiúil agus anailís agus réiteach fadhbanna a chleachtadh, mar dhuine aonair agus mar chomhalta foirne</p> <p>30. rannpháirtíocht i bhfoghlaim bunaithe ar phunann agus réimse/réimsí le haghaidh tuilleadh foghlama i gcéim ionduchtúcháin <i>Droichead</i> agus i leanúntas a aithint</p> <p>31. tiomantas gairmiúil a léiriú maidir le comhairle chruthaitheach a lorg, glacadh leis agus feidhmiú ina leith</p> <p>32. rannpháirtíocht ghníomhach le phobail foghlama gairmiúla a bhíonn bainteach le machnamh, foghlaim agus cleachtas grúpa</p>

2.3 Eolas agus Tuiscint Ghairmiúil

Gnéithe	Beidh ar chumas an mhúinteora faoi oiliúint tuiscint a fháil air, faoi dheireadh an chláir oideachas tosaigh múinteoirí:
<p>Eolas Ábhair agus Próiseas agus Ábhar Curaclaim</p>	<ol style="list-style-type: none"> 1. na próisis fhuinniúla lena mbíonn an curaclam deartha agus éascaithe do na daltaí go léir 2. curaclaim/siollabais reatha náisiúnta san earnáil chuí agus feasacht ar riachtanais churaclaim sna céimeanna foghlama roimh agus i ndiaidh na gcéimeanna foghlama reatha 3. eolas ábhair, ábhar oideolaíochta agus modheolaíocht ghaolmhar na gcuraclam/ siollabas agus treoirlínte ábhartha agus an bealach inar féidir iad sin a leathnú chomh fada leis na daltaí go léir 4. litearthacht agus uimhearthacht mar a bhaineann siad le riachtanais an churaclaim 5. naisc agus téamaí traschuraclaim, lena n-áirítear, iad siúd a bhfuil breacchuntas tugtha ina leith faoi phríomhghnéithe cláir OTM agus conas a bhaineann siad le taithe saoil
<p>Príomhphrionsabail Pleanála, Teagaisc, Foghlama, Measúnaithe, Machnamh agus Meastóireachta</p>	<ol style="list-style-type: none"> 6. na tosca a chothaíonn agus a bhacann foghlaim éifeachtach, imirt chúlra agus féiniúlachta daltaí ar fhoghlaim agus an riachtanas chun forbairt iomlánaíoch an fhoghlaim a éascú, go háirithe trí chur chuige difreáilte 7. an teoiric, na coincheapa agus na modhanna a bhaineann le teagasc, foghlaim agus measúnú éifeachtach, idir shuimitheach agus foirimitheach 8. smaointeoireacht reatha ar fhorbairt ar fhoghlaim dhaonna 9. ról múinteoirí mar chinnirí oideachais a chruthaíonn agus a bhunaíonn pobail foghlama ina seomraí ranga, ina scoileanna agus trína líonraí gairmiúla acu 10. daltaí mar ghníomhairí díreacha ina bhfoghlaim féin 11. an t-idirpleáchas idir foghlaim múinteora agus foghlaim dhalta agus an tábhacht a bhaineann le caidreamh múinteora/dalta sa phróiseas teagaisc/foghlama 12. saincheistanna tábhachtacha a bhaineann le cibear-eitic, lena n-áirítear, saincheistanna príobháideachais, eolais agus slándála, cóipcheart agus sábháilteacht ar líne agus tuiscint ar an idirphlé casta idir teicneolaíocht agus an tsochaí 13. ní díreach an bealach le taighde a léamh agus a dhéanamh, ach an bealach chun smaoineamh mar thaighdeoir freisin nuair atáthar ag obair le nó i scoileanna agus an fáth go mbaineann tábhacht leis 14. múnlaí um chláir theagaisc a phleanáil atá comhleanúnach, difreáilte agus comhtháite agus machnamh leanúnach ar chleachtas gairmiúil mar bhonn eolais leo

Gnéithe	Beidh ar chumas an mhúinteora faoi oiliúint tuiscint a fháil air, faoi dheireadh an chláir oideachas tosaigh múinteoirí:
Oideachas agus an Córas Oideachais	15. nádúr agus cuspóirí an oideachais agus na comhthéacsanna sóisialta agus polasaí ina sainítear agus a fheidhmítear aidhmeanna an oideachais
	16. bunús agus forbairt an creat reachtúil agus déanta polasaí maidir le hoideachas, a ról ar leith agus na freagrachtaí a eascraíonn ón gcreat sin, chomh maith le ról agus freagrachtaí na bpáirtithe leasmhara go léir, lena n-áirítear, tuismitheoirí san áireamh
	17. cearta leanaí, lena n-áirítear, a gceart guth a bheith acu maidir le ceisteanna éagsúla a bhaineann lena saol
	18. an earnáil ina bheidh sé/sí ag teagasc agus a chuid/a cuid freagrachtaí gairmiúla laistigh den earnáil sin
	19. earnálacha eile oideachais agus cúinsí a imreoidh ar dhaltaí ag aistriú ó earnáil amháin go hearnáil eile
	20. cultúr scoile agus conas a théann sé i bhfeidhm ar theagasc, ar fhoghlaim agus ar fheidhmiú an pholasaí curaclaim
	21. taighde oideachais agus a thairbhe maidir le teagasc, foghlaim agus measúnú
	22. an tábhacht a bhaineann le freagracht idirghlúine na múinteoirí ó thaobh tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí faoi oiliúint
Cumarsáid agus Cur le Caidreamh	23. an tábhacht a bhaineann le comhchaidreamh idir múinteoirí agus daltaí sa phróiseas teagaisc/foghlama
	24. straitéisí forbartha maidir le dea-chaidrimh agus cumarsáid le daltaí, tuismitheoirí, comhghleacaithe, príomhoide na scoile, bainistíocht na scoile, comhghairmithe agus an pobal níos leithne
	25. ról na bpáirtithe leasmhara agus an tábhacht a bhaineann le plé agus comhoibriú leo, chun cur le spiorad saineiúil na scoile agus chun timpeallacht dhearfach maidir le teagasc agus foghlaim a fhorbairt

An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council

Bloc A, Campas Gnó Mhaigh Nuad,
Maigh Nuad, Co. Chill Dara, W23 Y7Xo, Éire

Íosghlao 1890 224 224

Teileafón +353 1 651 7900

Facs +353 1 651 7901

Ríomhphost info@teachingcouncil.ie

www.teachingcouncil.ie

An Chomhairle
Mhúinteoireachta
The Teaching Council

